**<u>GAEILGE</u>**

**ATHBHREITHNIU**

**Réamhráiteas:** Rinne an fhoireann scoile athbhreithniú ar an bplean seo le chéile ar an 05/10/07 agus arís ar an 26ú Mí na Samhna 2008 (laethanta pleanála scoile). Bhí gach múinteoir páirteach ann agus bhí P. Mac Eoin ag treorú.

**Bunchúiseanna**: Tá **gáth** leis an bplean seo chun cabhrú linn an curaclam a chur i bhfeidhm, i dtreo is go mbeidh leanúnachas ó rang go rang, agus chun cur chuige cumarsáide a chur i bhfeidhm sa scoil.

Seo iad na **ceisteanna** a phléigh na múinteoiri :

- comhtháthú na gceithre scil teanga sna ceachtanna: éisteacht, labhairt, léitheoireacht, agus scribhneoireacht;
- raon modhanna múinte a bheith in úsáid ag na muinteoiri agus saoirse acu na cinn is fearr a fheileann do na páisti agus don scoil a roghnú, ag cur san áireamh cúlra teanga na bpáistí;
- na feidhmeanna teanga a chur in eagar do na rang-ghrúpai difriúla;
- na téamai a chur in oiriúint don pháiste, dá c(h)úlra teanga agus baile;
- na tascanna, na cluichí agus na gníomhaíochtaí atá luaite in ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim a éagsulú ó bhliain go bliain;
- aire a thabhairt do shnáithaonaid uile an churaclaim.

Aontaíonn na múinteoirí go bhfuil sé an-tábhachtach grá don Ghaeilge a chothú ins na daltaí. Ba chóir go mbeadh taitneamh le baint as an ábhar foghlama chun go spreagfá na páistí chun an Ghaeilge a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide agus chun go mbeadh dearcadh dearfach acu ina leith. Bíonn béim láidir ar 'spéis a chothú' sa Ghaeilge ag na leibhéil go léir.

**An Plean I gComhthéacs na Scoile seo:**

Is ar chumarsáid agus ar úsáid na teanga mar ghnáth theanga bheo a leagtar béim sa churaclam nua. Tá sé an-thábhachtach go dtugtar gach seans do na páistí an Ghaeilge a labhairt go nádúrtha, agus go mbeadh dearcadh dearfach acu ina leith, agus go spreagfar muinín iontu an Ghaeilge a úsáid ina shaol. Tá sé tábhachtach go mbeadh an páiste gníomhtach sa cheacht Ghaeilge: is é sin, gníomhachtaí teanga a bheith ar siúl, tascanna le déanamh, agus fadhbanna le réiteach trí Ghaeilge. Is é an plean atá againn sa scoil seo ná:

- féin-mhuinín na bpáisti a chothú I labhairt na Gaeilge;
- béim a chur ar éisteacht agus ar labhairt na Gaeilge;
- béim ar chumarsáid;
- úsáid na teanga i gcluichí;
- úsáid na Gaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae;
- bheith ar a gcumas freagra gairid a thabhairt do cheisteanna;
- leanúnachas a bheith ann ó rang go rang.

**Fis**

Baintear úsáid as an nGaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae. Déantar iarracht dearcadh na dtuismitheoirí agus an phobail a dhéanamh níos dearfa ar an Gaeilge. Baintear úsáid as an gcultúir Gaelach láidir atá beomhar sa cheantar (sna cluichí Gaelacha, sa damhsú agus san gceol traidisiúnta) chun tuiscint ar an gcultúr agus ar an teanga a fhorbairt. Déanann muinteoirían na scoile seo iarracht cur le forás cognaíoch, mothúchánach agus samhlaíoch an pháiste.

**Aidhmeanna:**

Is iad aidhmeanna an churaclaim Ghaeilge sa scoil seo ná:

úsaid na Gaeilge mar mhodh chumarsáide a chur chun cinn;

an Ghaeilge a úsáid I gcomhthéascanna éagsúla chun caidreamh sóisialta a dhéanamh;

dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú;

múineadh na Gaeilge a bheith spéisiúl;

taitneamh a bheith le baint as foghlaim na Gaeilge;

cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus a m(h)uinín a chothú chun an Ghaeilge a úsáid;

cumas réamh-léitheoireachta agus réamh-scríobhneoireachta an pháiste a chothú;

cumas léitheoireachta agus scríobhneoireachta an pháiste a chothú ag leibhéal a oireann dó/di féin;

éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríobhneoireacht a fhorbairt ar bhealach chomhtháite;

suim agus tuiscint sa Ghaeilge agus sa chultúr a chothú;

feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú;

cumas cumarsáide a fhorbairt trí chluichí teanga agus tascanna;

cúram a dhéanamh d'fhorbairt shóisialta, chognaíoch, mhothúchánach, shamhlaíoch agus aeistéitiúil an pháiste;

cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste;

Gaeilge a úsáid i muineadh gceachtanna Corp-Oideachais—go momhór sna cluichi.

# Pleanáil don Churaclam :

**Cur Chuige Cumarsáide**-

Tá cumarsáid i gceist sna ceithre shnáithe, san ábhar teagaisc agus foghlama agus sna modhanna múinte a úsáidtear. Is é an rud is tábhachtaí ná na páistí a chur ag caint agus ag déanamh cumarsáide chomh luath agus is féidir. Is ar an bpáiste féin agus ar na riachtanais teanga atá aige/aici agus ar a c(h)uid ábhar spéise atá an phríomhbéim sa chur chuige a úsáideann an múinteoir. Cuirtear béim ar thaithneamhacht an ábhair theagaisc agus ar an gcaoi a gcoinneoidh sé seo an páiste gafa le linn na foghlama. Tugtar aird faoi leith ar úsáid na teanga chun cumarsáid a dhéanamh. Cuireann cur-chuige cumarsáideach béim ar úsáid na teanga chomh luath agus chomh minic agus is féidir i rith an cheachta. Cuireann tascanna, cluichí teanga agus comhthéacsanna taitneamhacha a chruthaíonn an múinteoir ar chumas an pháiste cumarsáid a dhéanamh ag baint úsáide as na ceithre scil teanga: éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

Chomh fada agus is féidir bíonn **cumarsáid** ar siúl idir na páistí i ngach ceacht Gaeilge. Roinntear an cheacht ar thrí thréimhse teagaisc agus foghlama: (1) an tréimhse réamhcumarsáide; (2) an tréimhse cumarsáide; (3) an tréimhse iarchumarsáide.

<u>An Tréimhse Réamhchumarsáide</u>: Ag tús an cheachta is féidir leis an múinteoir an t-ionchur teanga a dhéanamh taitneamhach agus spreagúil le gníomhaíochtaí nó cluiche----mar shampla, foghlaim foclóra, cleachtadh comhréire, gníomhaíochtaí faoi threoir, cluichí gramadaí.

<u>An Tréimhse Chumarsáide</u>: Cruthaíonn an múinteoir gá le húsáid na teanga chun cumas cumarsaide an pháiste a fhorbairt agus chun seans a thabhairt dó/di teanga nua a chruthú dó/di féin. Déantar é seo trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí cumarsáide—tascanna le déanamh, fadhbanna le réiteach,

cluichí cumarsáide, bearnaí a líonadh in agallamh taifeadta, imirt i rólanna i suíomheanna éagsúla, idirghníomhú sóisialta, déanamh drámaí agus sceitsí, plé agus díospóireachtaí agus ar eile trí mheán na Gaeilge.

An Tréimhse Iarchumarsáide: Tugtar seans don pháiste dul siar ar theanga an cheachta trí ghníomhaíochtaí iarchumarsáide—mar shampla, cleachtadh gramadaí, anailís na teanga, cluichí breise, tasc nua. Beidh an chumarsáid ina cuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama. Tá cumarsáid i gceist le muineadh na scileanna teanga go léir. Caithfidh an páiste an teanga a chur in úsáid chun í a fhoghlaim go héifeachtach. Úsáideann na múinteoirí an Ghaeilge labhartha chun treoracha a thabhairt, chun an rang a roinnt i gcomhair cluichí, chun am lóin agus am sosa a stiúradh, agus chun an rolla a ghlaoch. Úsáidtear an Ghaeilge i ngnéithe eile an churaclaim – mar shampla, ceol, corp-oideachas, ealaíon, stair, tír-eolas, agus drámaíocht (féach lth. 52 -63 Treoirlínte do Mhúinteoirí).

**Cén tuiscint atá ag foireann na scoile ar Chur Chuige Cumarsáideach?**

D'aontaigh an fhoireann teagaisc go bhfuil cur-chuige cumarsáide an ghné is tábhachtaí I bhfoghlaim na teanga i dtreo go mbeidh an páiste in ann í féin a chur in iúl agus na paisti eile í a thuiscint. Caithfidh an teanga a bheith beo. Caithfidh an múinteoir spéis a chothú chun na paistí a spreagadh an Ghaeilge a úsáid in atmasféar taitneamhach gan bhrú. Cruthaionn an múinteoir suiomh ina mbeidh gá leis an bpáiste Gaeilge a úsáid. Is de reir a chéile a thiocfaidh fás agus forbairt ar an gcumas cumarsáide atá ag na páistí.

**Feidhmeanna Teanga (an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach):**

Beidh na feidhmeanna teanga i gceist i ngach snáithe den churaclam—Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht, Scríobhneoireacht. Rangaítear iad i sé chatagóir

feidhmeanna: caidreamh sóisialta a dhéanamh, eolas a thabhairt agus a lorg, dearcadh a léiriú agus a lorg, dul i gcion ar dhuine, struchtúr a chur ar chomhrá, soiléiriú a lorg i gcomhrá. Tá deich gcinn de théamaí atá spéisiúil don pháiste liostaithe sa churaclam: Mé Féin, Sa Bhaile, An Scoil, Bia, An Teilifís, Siopadóireacht, Caitheamh Aimsire, Éadaí, An Aimsir, agus Ócáidí Speisialta. Caithfidh na múinteoirí foclóir a bhaineann leis na téamaí a mhúineadh chun go mbeidh an páiste in ann iad a aistriú ó shuíomh amháin go suíomh eile (féach lth. 20-27 Curaclam na Gaeilge). Usáidtear Gaeilge neamhfhoirmiúil freisin chun gnáthriachtanais chumarsáide agus shóisialta a chomhlíonadh—beannú, slán a fhágáil, leithscéalaghabháil, soiléiriú a lorg, agus míniú a thabhairt. Usáidtear an Ghaeilge i snáitheanna áirithe d'ábhair eile—corpoideachas, ceol, na hamharcealaíona agus ábhair eile a roghnódh na múinteoirí. Drámai beaga agus agallaimh: Is cuid lárnach den chumarsáid iad chun cleachtadh a thabhairt do na páistí (a) an teanga a úsáid, agus (b) feinmhuinín a neartú.

Úsáidtear na feidhmeanna teanga i gcomhtheacs téama éigin i gcónaí. Is tábhachtach an rud é go bhfuil leanúnachas sa scoil [Féach Appendix A].

Ta seifteanna seo leanas ag na múinteoirí chun an Ghaeilge a cheangal le saol na scoile: frása(í) na seachtaine,teachtaireachtaí, fógraí na scoile,prionta sa timpeallacht, comharthaí, ócáidí rialta mar am rolla,srl.

**Snáitheanna an Churaclaim**.

Snáith (a**) Éisteacht :**

Cloiseann an páiste cuid mhaith cainte go neamhfhoirmiúil i rith an lae—i gcaidreamh sóisialta leis an múinteoir agus i dteanga bhainisteoireachta an ranga.Eisteann an páiste leis an nGaeilge mar theanga teagaisc sa cheacht Gaeilge, agus le treoireacha an mhúinteora chun tascanna a dhéanamh. Is féidir cluas an pháiste a oiliúint trí éisteacht go foirmiúil i rith ceachta ina ndíritear go

hairithe ar scil na héisteachta. Is an-tábhachtach an rud é go dtuigeann an paiste agus go léiríonn sé/sí an tuiscint sin. Éisteann an páiste freisin leis an múinteoir ag insint scéalta agus ag aithris rann nó dánta. Déanann na múinteoirí iarracht láidir aistriúcháin a laghdú go dtí an méid is lú.

Tabharfaidh an múinteoir faoi ábhair éisteachta gan a bheith ag súil go dtuigfidh na páisti gach focal. Is féidir iarraidh ar pháistí gan ach cnámha an scéil a thuiscint nó rudai ginireálta a aimsiú i scéal nó san bpíosa nuachta. Déanfar muinín a chothú sna páistí chun go dtabharfaidh said faoi ábhar éisteachta le fonn. Spreagfaidh an múinteoir na páisti a bheith bródúil as a gcumas éisteachta agus tuisceana mar chuid thábhachtach d'fhoghlaim na Gaeilge.Is bunphrionsabal é go mbeadh na páisti in ann éisteacht le Gaeilge a labhairt go nádurtha lena chéile i gcomhrá,.

c.f. Ranganna Naionan : féach lth.32,33;

Ranganna 1 agus 2: lth.40 ,41;

Ranganna 3 agus 4:lth.52, 53;

Ranganna 5 agus 6 : lth. 66,67 Curaclam na Gaeilge

Freisin, féach Treoirlínte do Mhúinteoirí : lth.116-121.

Bíonn na páistí ag éisteacht go neamhfhoirmiúil i rith an lae, sa rang, sa scoil. Bíonn siad ag éisteacht go foirmiúil i rith ceachta----m.sh. rainn, tascanna éisteachta—éist agus tarraing, dánta, agus mar sin.

(b) **Labhairt:**

Tá béim an-láidir ar labhairt na Gaeilge sa churaclam. Mar sin, is é an cumas cumarsáide an sprioc is tábhachtai atá le baint amach ag an bpaiste. Is fearr a fhoghlaimeoidh an páiste an Ghaeilge má bhíonn taitneamh le baint aisti agus dearcadh dearfach á chothú. Nuair a bhíonn an t-ábhar foghlama spéisiúil, bionn

fonn ar an bpáiste an Ghaeilge a fhoghlaim. Déanfar na snáitheanna eile a chomhtháthú le labhairt i ngníomhachtaí agus i dtascanna a mbeidh cuspóir cinnte acu.

Ta sé socraithe ag na múinteoirí baint a úsáid as ‘An féidir leat?’ (seachas ‘An bhfuil tú abálta?’) agus ‘in ann’ (seachas ‘i ndon’).

Cén fáth a labhraímid? Chun cumarsáid a dhéanamh, chun aird an mhúinteora a tharraingt agus aire a fháil, chun muid féin a chur in iúl do dhaoine eile (tuairimí, mianta mothúcháin a nochtadh gan eagla), eolas a lorg agus a roinnt, cairdeas a dhéanamh agus a choimeád ar siúl, glao teileafóin a dhéanamh, agus ar eile. Labhraimid go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae—sa rang, sa scoil. Labhraíonn na páistí go foirmiúil sa cheacht: páistí ag labhairt go simplí faoi na topaicí agus na téamaí a bhfuil spéis acu féin iontu, agus freisin i gcluichí teanga, scéalaíocht, athinsint scéalta, ról-ghlacadh.

c.f. Ranganna Naíonán : lth. 34, 35;

Ranganna 1 agus 2 : lth.41,43;

Ranganna 3 agus 4: lth. 54, 55, 56;

Ranganna 5 agus 6: lth.68, 69, 70 i gCuraclam na Gaeilge.

Freisin, féach ‘Treoirlínte do Mhúinteoirí‘: lth. 122 - 124.

(c) **Léitheoireacht**:

Ní thosófar ar léitheoireacht na Gaeilge go foirmiúil roimh rang 2. Ba cheart i gcónaí fanacht go mbíonn an páiste réidh don léitheoireacht agus bunús maith faoina c(h)umas cainte. Ar scileanna na réamh-léitheoireachta, tá treo-shuiomh clé-deas, aithint patrún, agus meaitseáil focal agus pictiúr.Tá clár ullmhácháin don liteartha ann, m. sh. rainn, cluichí éisteachta, pictiúr-leabhair, prionta Gaeilge sa timpeallacht. Ag tús na léitheoireachta, cuirfear prionta Gaeilge sa

timpeallacht, leabhair mhóra, leabhair bheaga, nuacht phearsanta agus mar sin. Chun scileanna léitheoireachta a fhorbairt, úsáidtear téacsanna agus tascanna léitheoireachta, m. sh. scéalta sna leabhair atá in úsáid, fíorleabhair, scríbhneoireacht an pháiste, dánta, rainn, amhráin, léigh agus tarraing pictiúr, cuir abairtí in ord.

Féach Curaclam na Gaeilge—

Ranganna 1 agus 2 : lth. 44, 45;

Ranganna 3 agus 4: lth 57, 58;

Ranganna 5 agus 6: lth. 71, 72.

Freisin, féach 'Treoirlínte do Mhúinteoirí': lth. 125-134.

Tá 'C D Scríobh Leabhar 2007 agus 2008 curtha ar fail do na múinteoirí chun go mbeadh na páistí in ann taitneamh a bhaint as scéalta Gaeilge a léamh atá scríofa ag páistí eile ins na ranganna éagsúla.

**(d) Scríbhneoireacht**

Ba chóir go mbeadh an páiste ag déanamh cumarsáide le léitheoir fíor nó samhlata nuair a bhíonn sé/sí ag scriobh agus go mbunófaí scribhneoireacht an pháiste ar a c(h)uid eispéireas. Tosófar ar an scríbhneoireacht Ghaeilge i rang 2, le cóipeáil frásaí agus abairti bunaithe ar na téamai, nuacht phearsanta, cartaí, srl.. Beidh idirdhealú á dhéanamh idir théacsanna difriúla: tuairisc, cur síos, scríbhneoireacht fheidhmiúil agus scríbhneoireacht chruthaitheach.

Féach Curaclam na Gaeilge:

- Ranganna 1 agus 2 : lth.46,47;
- Ranganna 3 agus 4 :lth.59,60;
- Ranganna 5 agus 6: lth.74,75.

Freisin 'Treoirlínte do Mhuinteoirí': lth.139-143.

Ag tús na scríobhneoireachta (i Rang a Dó), baintear úsáid as cóipeail frásai agus abairtí bunaithe ar na teamaí, nuacht phearsanta, cártai agus mar sin.

Tascanna scrí: altanna, scéalta, litir, cártaí phoist. I bpróiseas na scrí, cuireann na múinteoirí béim ar fheabhas a chur ar iarrachtaí pearsanta, peannaireacht, litriú agus gramadach trí ceartú rialta, agus foilsiú ó am go ham.

Baintear úsáid as na cóipleabhair chun dul chun cinn na bpáistí a thaispeaint.

**Comh-tháthú na snáitheanna:**

Is tábhachtach an rud é go bhfuil na snáitheanna comhtháite. Usaideann an múinteoir an Ghaeilge taobh amuigh den gceacht Ghaeilge sa seomra ranga mar theanga caidrimh agus mar theanga bhainisteoireachta ranga, mar shampla: 'Dia dhaoibh', 'Teigh go dtí an oifig, ma's e do thoil é', 'Rachaidh mé', 'Glan an clardubh', 'Tóg amach na leabhair', 'An bhfuil sibh reidh/criochnaithe?'. Is feidir an Ghaeilge a usáid in abhair eile freisin---i gcluichi peile/cispheile san gCorpoideachas; san damhsa—'Ionsaí na hInise', 'Ballaí Luimnigh'; i dTír Eolaíocht—logainmneacha agus na scéalta a ghabhann leo, mar shampla, Cill Dara, Dún na nGall, Maigh Eo; insan gceol—ag éisteacht le/ag seinm/canadh ceol Gaelach/ amhrain traidiúsanta.

Is féidir na snáitheanna a chomhthathú lena chéile tríd na gníomhaíochtaí atá luaite faoi na snáitheanna sna leabhair curaclama san ábhar teagaisc agus foghlama. Cé go bhfuil sé i gceist an phríomhbhéim a bheith ar scil amháin i dtascanna áirithe, is fearr na scileanna go léir a chomhtháthú chomh fada agus is féidir, ag braith ar leibhéal theanga an pháiste.

**Ábhar an Phlean ó Naíonáin go Rang a Dó**

Ar éisteacht agus labhairt atá an béim ó na Naíonáin suas go Rang a Dó. Bíonn an béim I gcónaí ar an dteanga labhartha, ar dhánta simplí, ar amhráin, ar scéalta, ar sceitsí geanra, agus ar chluichí teanga. Nuair a bhíonn máistreacht ag daltaí ar léitheoireacht an Bhéarla, músclófar a gcuid fiosrachta i nGaeilge tri fhocail phrionta i nGaeilge a bheith thart orthu. Tá sé mar aidhm againn daltaí a bheith ábalta abairtí simplí a léamh i Rang a Dó. Tosnaíonn an scríbhneoireacht i Rang a Dó freisin.

**Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte**

Téamaí: Bíonn na téamaí/fó-théamaí bunaithe ar shaol an pháiste. Bíonn éagsúlacht sna fó-théamaí i ngach rang.

Straitéisí: Baineann an muinteoir úsáid as straitéisí éagsúla chun an Ghaeilge a mhúineadh:

filíocht—dánta, amhráin;

seanfhocail;

drámaíocht: tugann an múinteoir sampla ar dtús agus ansin is féidir leis na daltaí é a athrú;

téipeanna: éist leis an teip agus (a) cuir na pictiúir san ord cheart, (b) freagair na ceisteanna, (c) lion na bearnaí;

ainmnigh na difriochtaí idir na pictiúir;

cluichí teanga: fiche ceist, fuar nó te;

structúir abairte: briathar-cé?-cad/cá?-cathain?;

scríobhneoireacht: litir,nóta, cuireadh, cárta phoist—sampla a thabhairt ar dtús.

Is iad na straitéisí is coitianta a úsáidtear chun cumas cumarsáide an pháiste a fhorbairt ná: agallaimh mar ionchur d'imirt i rólanna, cluichí teanga, tascanna agus fadhbanna, druileanna, drámaíocht, físeáin, scéalaíocht, filíocht (rainn, dánta agus amhráin), rabhlóga, tomhais agus seanfhocla.

On t-am a thosnaíonn na páistí ar scoil, baineann na múinteóiri úsáid i rith an lae as nathanna bunúsacha éagsúla chun na páistí a bheith i ndon iad a chloisteáil ar dtús agus ansin úsáid a bhaint astu. Tá samplaí de na nathanna seo in Appendix B, agus cuireann na múinteoirí ranga leis an liosta. Ceanglaíonn é seo leis an liosta feidhmeanna teanga l. 20-26 sa leabhar curaclama Gaeilge.

Modhanna Múinte: Tá réimse leathan modhanna múinte in úsáid i ngach rang. Is iad na sé mhodh is súntasaí ar féidir úsáid a bhaint astu ná:

- An Módh Díreach
- Modh na Sraithe
- Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí
- An Módh Closlabhartha
- An Módh Closamhairc
- Módh na Ráite.

**Gaeilge Neamhfhoirmiúil:**

Úsáidtear Gaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae. Samplaí: ócáidí rialta i rith an lae—am rolla, ag dul amach/isteach, teachtaireachtaí, bainisteoireacht ranga, prionta sa timpeallacht, comharthaí, fógraí (féach lth.126 'Treoirlínte do Mhúinteoirí'), frásaí na seachtaine a roghnú, a fhorbairt, a mhúineadh agus a úsáid. Ní thosnaíonn na daltaí i rang Naionáin Sóisreacha leis an Ghaeilge

Neamhfhoirmiúil go dtí an dara téarma. Seo iad samplaí de na rudaí is féidir linn a phlé:

- Na Laethanta/Mionna/Séasúir
- An Aimsir
- Uimhreacha/ na horduimhreacha
- An mó (cé mhéad) duine atá I láthair/as láthair?
- Cén t-am /dáta/mí/séasúr?
- Nuacht an lae
- Breithlá
- Beannachtaí
- Dathanna
- Mianta a léiriú
- Ceisteanna a chur agus a fhreagairt
- Teachtairí
- Taitneamh nó easpa taitnimh a léiriú
- Cead a lorg, a thabhairt agus a dhiúltiú
- Ábaltacht nó easpa ábaltachta a léiriú
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Leithscéal a ghabháil
- Aontú nó easaontú le ráiteas
- Buíochas a léiriú

- Rogha a léiriú nó fiosrú fúithi
- Scéalta a chumadh nó a insint.

## Pleánáil Eagraíochta:

**Pleánáil an Mhúinteora:** Tá gaol laidir idir an plean scoile don Ghaeilge agus pleánail fhad-téarmach/ghearrthéarmach an oide ranga. Leanann an múinteoir na cinnteidil thuas.

**Aiseanna:** Go hiondúil bíonn leabhar ag an múinteoir agus leabhar ag gach páiste, chomh maith le dlúthcheirnín le scéalta, amhráin, agus dánta taifeadta. Is fiu go mór úsáid a bhaint as áiseanna chomhaimseartha chun go mbeadh éagsúlacht sa cheacht, agus chun aire na bpáistí a choinneáil. Is iad na cinn is coitianta ná:

- Maith Thú Cártaí Cainte
- Bualadh Bos
- Treo Nua
- Craic le Litriu
- Fuaimeanna agus Focail
- Sean téacs-leabhair
- Físeáin
- Puipéadaí
- Dlúthdhiosca
- Leabhair Mhóra
- Leabhair an Mhúinteora

- Pictiúir
- Postaeir
- Leabhar an pháiste
- Bréagáin agus samhlacha agus bosca éadaigh I gcomhair imirt i rólanna
- Cártaí éagsúla—luaschártaí agus rólchártaí.

Úsáidtear teicneolaíocht an eolais mar 'An Chéad Choiscéim', agus an C D Rom 'Scéim inste Scéil' – bailiúcháin scéalta i bhfoirm físeanna, scéalta beaga, agus taispeantais PowerPoint, a thugann deis do scoláirí scéalta a insint ar bhealaí éagsúla, ag baint úsáid as áiseanna teicneolaíochta chomh maith le scileanna scéalaiochta.

Postaer: 'Na Focail Thábhachtacha ar an bPáirc'.

**Éagsúlacht Chumais:**

Eagraíonn an múinteoir tascanna agus gníomhaíochtaí chun freastal ar éagsúlacht chumais na bpáistí (féach lth.32-33 Treoirlínte do Mhúinteoirí). Maidir le páistí a fhágann an rang chun freastal ar mhúinteoirí tacaíochta, tá an clár-ama chomh solúbtha agus is féidir i dtreo is nach mbeadh an dalta as láthair go rialta ó mhúineadh aon ábhair áirithe. Mar gheall ar pháistí a bhfuil díolúine ón nGaeilge acu, in aontú le ciorclach 12/96, tá sé socraithe ag na múinteoirí go ndéanfaidh na páistí sin gníomhachtaí breise, m. sh. léamh, i rith na ceachta Gaeilge.

**Comhtháthú le hAbhair Eile**:

Déanann na múinteoirí comhtháthú le hábhair eile: ceol, filíocht, corp-oideachas, na hamharc-ealaíona, matamaitic, tíreolaíocht, stair, drámaíocht.

Féach Curaclam na Gaeilge—

Ranganna Naíonán: lth. 33, 35;

Ranganna 1 agus 2:lth.41, 43, 47;

Ranganna 3 agus 4: lth. 53, 56, 58, 60;

Ranganna 5 agus 6: lth.67, 70, 73, 75.

**Measúnú**:

Is próiseas leanúnach é an measúnú. Bíonn an múinteoir ag déanamh measúnaithe go neamh-fhoirmiúil an t-am go léir. Nuair a chasann an múinteoir leis na tuismitheoirí ag an gcomhdáil oideachais i rith na bliana, tugtar mionchuntas faoi dul ar aghaidh na bpáistí. Bronntar grád ar gach dalta ag deire na bliana sa tuairisc scoile. Déanfar é ar éisteacht agus tuiscint agus labhairt go háirithe, freisin ar an taitneamh atá le baint as foghlaim na Gaeilge. Déantar an measúnú ag deire aonaid oibre nó ag deire tréimhse. Is ar chumas an pháiste agus an méid atá sé/sí in ann a thuiscint, a rá, a léamh nó a scríobh atá an bhéim agus ní ar an easpa cumais. Cuirfear san áireamh: dírbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste, tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir, bailiúchán d'obair agus de thionscadail an pháiste, proifili curaclaim, trialacha diagnóiseacha, trialacha caighdeánaithe.

(Féach lth.142-151, Curaclam na Gaeilge.)

**An tslat tomhais atá ag an scoil chun an plean a mheas:**

Tá na múinteoirí ar aon-intinn go ndéanfaidh an plean seo difríocht do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge in ár scoil. Is iad na comhtharthaí a léireoidh go bhfuil dul chun cinn sásúil á dhéanamh ná: atmaisféir Gaelach sa

scoil, an Ghaeilge mar teanga cumarsáide sa scoil go minic, aoibhneas agus sult á bhaint as an Gaeilge ag na daltaí, dearcadh dearfach ag daltaí agus tuismitheoirí.

Tá a fhios againn go bhfuil an plean á chur i bhfeidhm sa scoil mar (a) leanann ullmhúchán an mhúinteora an plean, agus (b) leantar na nósanna imeachta atá sa phlean.

**Critéir Rathúlachta:**

Tá a fhios againn gur comhlíonadh aidhmeanna an phlean nuair a thagann aiseolas dearfach ón bhfoireann,ó dhaltaí, ón bpobal, agus ó thuismitheoirí; aiseolas dearfach freisin ó scoileanna dara leibhéal; tuairiscí ón gCigire/ Tuairisc Scoile; páistí ag labhairt na Gaeilge lasmuigh de ranganna Gaeilge agus ag baint taitnimh aisti.

**Obair Bhaile**

Tugtar obair bhaile oiriúnach sa Ghaeilge. Tá an bhéim chéanna ar éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scri. Ní dtugtar obair bhaile foirmiúil do na páistí sna mbunranganna suas go Rang a 2; uaireanta tugtar obair bhaile neamh-fhoirmiúil dóibh siúd, m. sh. pictiúr a dhathú agus focal a líonadh isteach.

**Forbairt foirne**:

Labhraíonn na múinteoirí Gaeilge lena chéile go rialta. Tagann na múinteoirí le chéile go rialta chun plean múinteoireachta a leagan amach ina roinntear eolas ar a chéile.

**Tuismitheoirí agus an Ghaeilge:**

Tá tábhacht an-mhór ag baint le ról na dtuismitheoirí chun cabhrú Ir hobair na scoile. Cabhraíonn said trí thacaíocht a thabhairt d'imeachtaí Gaeilge sa scoil agus sa cheantar, trí cabhrú leis an obair bhaile, agus trí Ghaeilge a chleachtadh ar ócáidi áirithe sa bhaile. Tá dearcadh dearfach an-tábhachtach.

Molann na múinteoirí iad chun tacaíocht a thabhairt le cultúir Gaelach a chruthú ar scoil trí ceol traidisiúnta agus cluichí Gaelacha a chothú sa bhaile agus sa cheantair, agus páirt a ghlacadh in ócáidí Gaelacha sa scoil agus sa cheantair, mar shampla, Fleadh Mhaigheo. Cuidíonn iad seo chun dearcadh dearfach a chothú leis na tuismitheoirí agus, le sin, leis na daltaí.

**Comhionannas… (féach polasaí 'Equality')**

**Cur I bhfeidhm agus Athbhreithniú**

<u>Rólanna agus freagracht:</u>

Déanfaidh P. Mac Eoin an plean a fhorbairt agus an dul chun cinn a thuairisciú. Cuirfidh gach múinteoir é i bhfeidhm. Beidh P. Mac Eoin in aire hathbhreithniú a eagrú go rialto, ach beidh daoine eile páirteach ann—foireann teagaisc, daltaí, Bord Bainistíochta, An Roinn Oideachais.

**Daingniu**: Dhaingnigh an Bord Bainistíoichta an polasai seo ar (data).

**Appendix A**

Nathanna (chun forbairt):

*Slán. Slán a phaistí. Slán a mhúinteoir.*

*Anseo/ Níl ... anseo.*

*Oscail e sin/ seo.*

*Go raibh maith agat.*

*Conas atá sibh? Taimid go maith.*

*Cé leis é seo? Is liomsa é.*

*Dia duit/ Dia is Muire duit.*

*Ceangail mo bhróg/ mo chóta/ m'iallacha.*

*Má's é do thoil é.*

*Oscail/ Dún an doras.*

*Thit...*

*Tar isteach. Gabh mo leithscéal.*

*Nollaig shona duit/ Nollaig mhaith duit!*

*Las an solas.*

*Múch an solas.*

*Failte romhat.*

*An bhfuil cead agam dul go dti an ..., má's é do thoil é.*

*Croch suas do chóta.*

*Tar amach.*

*Níl a fhios agam.*

*Bailigh na (leabhair).*

*Pioc suas an...*

*Cuir isteach sa bhosca/ mhála é.*

*Tá... uaim. Seo duit.*

*Tá/níl an lá go breá.*

*Tá an lá te/fuar, fliuch/tirim.*

*Tá /Níl mo chóta orm.*

*Lá breithe sona duit. / Breithlá sona duit.*

Samplai chun feidhm a bhaint as an nGaeilge sa rang corpoideachais:

*Scaipigí amach, faigh spas sa halla.*

*Ag caitheamh/ ag breith/ ag leim.*

*Stop nuair a chloiseann tu an fheadóg.*

*Druidigí siar, bogaigi, déanaigi ciorcail.*

*Os comhair, i lár, taobh thiar.*

*Caith an liathróid.*

*Beir ar an liathróid.*